Polasaí na Gaeilge *Irish Language Policy*

Réamhrá *Introduction*

Is bunscoil chomhoideachas, lán-Ghaeilge, idirchreidmheach í Gaelscoil an Chuilinn a bhunaigh tuismitheoirí i 2012, faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta, chun freastal ar an éileamh do bhunoideachas trí Ghaeilge sa cheantar áitiúil.

- *Gaelscoil an Chuilinn is a co-educational, all-Irish, interdenominational primary school set up by parents in 2012 under the patronage of the Foras Pátrúnachta, to cater for the demand for all-Irish primary education in the local area.*

Cuireadh an polasaí seo le chéile le comhoibriú ó Mhúinteoirí, Coiste na dTuismitheoirí agus Bord Bainistíochta na scoile.

- *This policy is a collaborative document created by the School Teachers, Parents' Association Committee and Board of Management.*

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus na leagan Béarla mar aistriúchán.

- *Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.*

An Gaol le Spioraid Sainiúil na scoile:
Relationship to the School's Ethos

Sí ráiteas físe na scoile ná ard-chaighdeán oideachais a chur ar fail trí mheán na Gaeilge, báite in éiteas a chothaíonn luachanna Críostaíoch agus oidhreacht na hÉireann.

Tá sé tábhachtach dúinn sa phobal scoile go mbeadh luachanna idirchreidmheacha agus morálacha na scoile dhá chur chun cinn trí mheán na Gaeilge.

- *Our school mission is to provide an excellent standard of education through the medium of Irish, steeped in an ethos that promotes Christian values and Irish heritage.*
- *It is important to us in our school community that our interdenominational and moral values are developed through the medium of Irish.*

Aidhmeanna *Aims*

Is scoil lán-Ghaeilge í Gaelscoil an Chuilinn ina bhfuil an Ghaeilge mar:

- Teanga na scoile,
- Teanga ghnó agus chumarsáide na scoile,
- Teanga theagaisc agus fhoghlama i ngach ábhar seachas Béarla,
- Teanga chaidrimh idir múinteoirí iad féin,
- Teanga chaidrimh idir foireann na scoile agus na daltaí,
- Teanga chaidrimh idir na daltaí i ngach eachtra scoile taobh istigh nó taobh amuigh den scoil.

Gaelscoil an Chuilinn is an all-Irish school in which Irish is:

- *The official school language,*
- *Used for communication and for all activities,*
- *Used for teaching and learning in all subjects other than English,*
- *Used by teachers to communicate,*
- *Used by school staff and children to communicate,*
- *Used for communication between the children when participating in all school events*.

Eagrúcháin *Organisation*

Is é an tumoideachas an córas oideachais a chuirtear i bhfeidhm i nGaelscoil an Chuilinn. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na daltaí tumtha sa Ghaeilge óna gcéad lá ar scoil. Usáidtear an Ghaeilge mar ghnáth-theanga cumarsáide ón gcéad lá ar aghaidh. Ní mhúintear Béarla go dtí théis mí na Samhna i Naíonáon Mhóra.

- *Immersion education is used in Gaelscoil an Chuilinn. This means that the children will be immersed in the Irish language from their first day in the school. Irish is used as the language of communication from their first day on. English is not taught until after the Hallow'een break in Senior Infants.*

Usáidtear ainm Gaelach an pháiste i rolla na scoile. Má tá leaganacha éagsúla d'ainm an pháiste ar fáil pléifear seo le tuismitheoirí. Moltar do thuismitheoirí ainm Gaelach an pháiste a úsáid ar scoil chun aitheantas Gaelach a chothú don pháiste agus sainmheon na scoile a bhuanú.

- *The child's Irish name is used in the school roll. If there are different versions of names available this will be discussed with the parents. Parents are encouraged to use the child's Irish name in school in order to develop the child's Irish identity and to foster the school's ethos.*

Tá labhairt na Gaeilge mar chuid de Chód Iompair na scoile. Is trí mhealladh agus spreagadh an tslí is fearr chun an Ghaeilge a chur chun cinn - mealladh, moladh, duaiseanna, am spraoi breise srl.

- *The use of Irish is linked to the school's Code of Behavior. It is through encouragement and positive motivation that Irish is best improved – encouragement, praise, prizes, extra play time etc.*

Ar mholadh ár bpátrún, Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaelacha, reachtálfar gnó an Bhoird Bhainistíochta trí mhéan na Gaeilge chomh mór agus is féidir. Déanfar cumarsáid le heagrachtaí stáit trí mheán na Gaeilge chomh mór agus is féidir.

- *On the recommendation of our Patron, Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaelacha, the Board of Management will operate through Irish as much as possible. All communication with state departments will be conducted through Irish as much as possible.*

Labhairt na Gaeilge *The Speaking of Irish*

Aidhmeanna *Aims:*

- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt,
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a fhorbairt,
- Cumas an pháiste an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide a chothú is a fhorbairt,
- Muinín an pháiste chun an Ghaeilge a úsáid a chothú chun go mbeidh siad bródúil aisti,
- Taitneamh a bhaint as foghlaim trí mhéan na Gaeilge,
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

- *To develop the child's listening and communication skills through Irish,*
- *To develop the child's literacy skills through Irish,*
- *To foster and develop the child's ability to use Irish as their everyday language,*
- *To foster the child's confidence in Irish and to develop their sense of pride in the language,*
- *That the children enjoy learning through Irish,*
- *To enhance their fluency, pronunciation and richness of language.*

Rólanna agus Freagrachtaí *Roles and Responsibilities*

Na Páistí *The Children*

Foghlaimítear an teanga trí cheol, spraoi, geaitsíocht, spóirt, drámaíocht agus rannta. Mealltar na páistí chun Gaeilge a labhairt agus a bheith bródúil as an dteanga. Moltar iarrachtaí na bpáistí trí aitheantas a thabairt dóibh i bhfoirmeacha éagsúla, ina measc:

- Gaeilgeoirí na Seachtaine
- Gaeilge ar an gclós
- Duaiseanna ón mála duaiseanna
- Pasanna Obair Bhaile.

The language is acquired through music, play, actions, sport, drama and poetry. The children are encouraged to speak Irish and to be proud of their language. Their efforts are encouraged in a variety of ways, including:

- *Irish speakers of the week*
- *Irish stickers on the yard*
- *Prizes from the mála for speaking Irish*
- *Homework Passes*

Spreagtar na páistí chun an teanga a úsáid i dtimpeallachtaí eile seachas timpeallacht na scoile nó gníomhaíochta scoile.

- Eatarthu féin sa bhaile,
- Le gaolta a bhfuil Gaeilge acu,
- Úsáid a bhaint as na méan-cumarsáide Gaelach agus TFC,
- Leabhair Ghaeilge a léamh.

The children are encouraged to use the Irish language in environments other than at school or school events / activities.

- *To communicate at home,*
- *To communicate with relatives that have an understanding of the language,*
- *To make use of Irish medium modes of communication(TG4) and ICT,*
- *To read Irish books.*

Na Tuismitheoirí *The Parents*

Moltar do tuismitheoirí/caomhnóirí an Ghaeilge a labhairt ar láthair na scoile agus go háirithe nuair atá said istigh san fhoirgneamh. Moltar dóibh suim sa Ghaeilge a mhuscailt agus dearcadh dearfach a chothú i leith na Gaeilge sa mbaile don pháiste. Chun cabhrú le tuismitheoirí:

- Cuirfear stór focal ar fáil do thuismitheoirí gur féidir úsáid leis na páistí,
- Cuirfear ranganna Gaeilge ar fáil, nuair is féidir.

Parents/guardians are encouraged to speak Irish on school grounds and particularly when in the school building. They are equally encouraged to foster an interest in and positive attitude towards the Irish language at home for their children.
To assist parents:

- *Vocabulary is provided to the parents which can be used with the children,*
- *Irish classes are made available, when possible.*

Riail na Gaeilge *The Irish Rule*

Déanann Gaelscoil an Chuilinn gach iarracht an caighdeán oideachais is airde a thabhairt do na páistí trí mhéan na Gaeilge. Is gá do na páistí go léir tuiscint go bhfuil iallach orthu an Ghaeilge a labhairt i gcónaí. Moltar na páistí as ucht na n-iarrachtaí a dhéanann siad chun an Ghaeilge a labhairt ach muna labhrann páiste an Ghaeilge go rialta, usáidfear na straitéisí iniata sa Chód Iompair chun léiriú dóibh go bhfuil Riail na Gaeilge i bhfeidhm sa scoil seo – sé sin go bhfuil sé mar riail againn an Ghaeilge amháin a úsáid mar theanga chumarsáide sa scoil, sa rang nó ag aon eachtra scoile.

Stráitéisí chun freagairt do pháistí nach bhfuil ag labhairt as Gaeilge

1. Tabharfaidh na múinteoirí atá sa chlós greamathóirí dearfacha amach gach lá chomh maith má chloistear iarracht mhaith Gaeilge ag na páistí. Tabharfar aitheantas dóibh ag am tionóla agus bíonn Gaeilgeoir na seachtaine i bhfeidhm sna ranganna.
2. Má chloistear Béarla ó Naí Shinsearaigh (théis na Nollag) go Rang a 6 téann siad go uimhir a 1 ar an gcóras ceartiúcháin sa Chód Iompar.

Gaelscoil an Chuilinn strives to provide children with the highest standard of education through Irish. All the children must understand that they are obliged to use Irish at all times. Children are praised for their use of Irish but the strategies mentioned in the Code of Behaviour will be enforced for children who regularly ignore the Irish rule – that Irish is the only language to be used when communicating with others at school, in class and when participating in all school events.

Strategies to deal with children who are not speaking Irish

- *Teachers on the yard will distribute positive stickers when they hear children making a good effort in communicating through Irish. These efforts and Gaeilgeoir na seachtaine will be recognised accordingly at assembly.*
- *If a child is making little or no effort to communicate through Irish from Term 2 of Senior Infants to Sixth class, they start on point one of the correction system in our school Code of Behaviour.*

Critéir Ráthúlachta *Success Criteria*

- Fás in úsáid na teanga sa rang, sa scoil nó ag aon eactra scoile,
- Fás i ndearfacht na bpáistí i leith an teanga,
- Fás i gcumas na bpáistí chun tairbhe a bhaint as an gcuracalam trí Ghaeilge.
- *An increase in the use of Irish in the class, school or at any school event,*
- *An increase in the children's positive attitude towards Irish,*
- *An increase in the children's ability to access the curriculum through Irish.*

Clár ama Athbhreithnithe *Review*

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go rialta.
This policy will be reviewed regularly.

Daingniú *Ratification*

Daingnithe ar an 18ú Nollaig 2013.
Ratified on December 18th 2013.

Sínithe: _____ Dáta _____

Caththaoirleach